# NUACHTLITIR ÉICEA-SCOILEANNA

Eanáir 2016

## San eagrán seo:


- Meabhrúchán iarratais an Bhrait Ghlais
- Comórtas Filíochta Trócaire
- Comórtas Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht Scoileanna: Éicea-Scoileanna TÉ roghnaithe do Leabhar Gearrthóg Domhanda
- Nuacht Comhpháirtithe: Tionscadal Dramhaíola Belfast City Council
- Nuacht Idirnáisiúnta
- Comórtais
- Nuacht eile
- Brait Ghlasa na Míosa seo


## Meabhrúchán iarratais Bhrat Glas Éicea-Scoileanna 2015/16.

Más suim leat cur isteach ar do Bhrat Glas i mbliana, agus más mian leat go ndéanfaí measúnú ar d'iarratas faoi dheireadh an Mheithimh tabhair faoi deara go gcaithfidh d'iarratas ar Bhrat Glas a bheith againn roimh **11 Márta 2016.**




Cuimhnigh gur féidir iarratais a chur isteach am ar bith i rith na bliana ach ós rud é go mbíonn líon ard iarratas ann i ndiaidh 11 Márta is féidir nach mbeimid in inmhe do mheasúnú a shocrú go dtí an scoilbhliain seo chugainn.

Seol d'iarratas sa phost nó ar ríomhphost chuig eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org. Is breá linn freagra a thabhairt ar cheist ar bith a bheidh agat ag 02890 736920.




## Comórtas Filíochta Trócaire
## Bata is Bóthar: 'Is é ár n-imeacht é'.

Tugann Trócaire urraíocht do thopaic Pheirspictíocht Dhomhanda Éicea-Scoileanna. Táimid ag díriú, le chéile, ar athrú aeráide agus a thionchar sin ar phobail éagsúla ar fud an domhain. Ar an drochuair, is minic gurb iad na daoine i dtíortha i mbéal forbartha is mó a mbíonn tionchar ag an athrú aeráide orthu cé gurb iad is lú a chuireann leis.

Feictear na hiarmhairtí cheana féin i roinnt tíortha de réir mar a imríonn an t-athrú aeráide tionchar ar phatrúin aeráide agus is é teip ar bharra agus diantubaistí nádúrtha a thig dá bharr. Toradh eile is ea an imirce agus díláithriú pobail ó na háiteanna is measa a bhuailtear agus iad ar lorg bia, foscaidh agus oibre in áit eile.

Déanann Trócaire obair le daoine ar fud an domhain chun teacht ar réiteach ar an dochar a dhéanann athrú aeráide. Ach tá siad ag fiafraí dínne fosta cad é is féidir linne a dhéanamh anseo sa bhaile chun nach gcuirfidh ár stíl mhaireachtála le níos mó athrú aeráide. Tá pacáiste iontach acmhainní teagaisc curtha le chéile acu ar an topaic chun cuidiú le daltaí tuiscint a bheith acu ar na ceisteanna agus smaoineamh ar réitigh.

Is mian linn Éicea-Scoileanna a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an topaic thábhachtach seo agus is cúis áthais dúinn comórtas filíochta Trócaire/Éigse Éireann a chur chun tosaigh agus guth a thabhairt do na daltaí. Tá an comórtas oscailte do dhaltaí Bunscoile agus Iar-bhunscoile agus díríonn ar théama an díláithrithe/imirce de bharr athrú aeráide. Spriocdháta **16 Márta 2016;** chun tuilleadh eolais agus an pacáiste oideachais a fháil, déantar teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Environmental Change**

**Temperatures are rising,**
**Sea levels are rising too,**
**I don't own a canoe,**
**So what do you suggest I do?**

**I could move to Scandinavia,**
**And live amongst the ice and snow,**
**But if the temperatures keep rising,**
**All of that too will go.**

**I suppose I could recycle,**
**Turn the lights off as I go,**
**Maybe plant a tree or two**
**It might help, you never know.**

**Environmental change is happening,**
**It is something we can't outrun,**
**Can we explain to our children**
**Just what we have done?**

***Patrick Barrett, Buaiteoir Bunscoile, 2015.***

## Glaoitear ar gach Tuairisceoir Óg don Timpeallacht!

Is gréasán de dhaoine óga díbhirceacha iad Young Reporters for the Environment (YRE) a chuireann oideachas ar fáil ar fhorbairt inbhuanaithe trí iriseoireacht tharraingteach, chruthaitheach comhshaoil a chruthú. Comhordaithe ag an Foundation for Environmental Education (FEE), tá YRE le fáil i mbreis agus 30 tír ar fud an domhain agus borradh faoi! Is féidir le daoine óga 11-21 cur isteach ar an chomórtas TOT faoi 3 rannóg :

Young Reporters for the environment

- Ailt scríofa
- Grianghraif
- Físeáin

Roghnaíonn daltaí ceisteanna comhshaoil a bhfuil a gcroí istigh iontu agus déanann siad iad a fhiosrú, molann réitigh agus tugann tuairisc ar a gcuid torthaí.

Spriocdháta náisiúnta **1 Aibreán 2016.** Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Feachtas na nGráinneog - Dúshláin  Aimsir an Gheimhridh.

Mar chuid de thionscnamh nua NIEL Species Champions, áitíonn Mark H Durkan, an tAire Comhshaoil, ar gach scoil cuidiú lenár ngráinneoga dúchasacha. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois go bhfuil níos lú ná 1 mhillliún gráinneog fágtha.

Déanann gráinneoga geimhriú gach bliain, de ghnáth ó Shamhain go haimsir na Cásca.  Thuairisc *The Telegraph* gur dócha gur chuir aimsir athraitheach an gheimhridh isteach ar phatrúin chodlata na ngráinneog i mbliana.  Agus an Nollaig is fliche agus is séimhe a tuairiscíodh riamh curtha díobh, is féidir gur imir na tuilte tionchar ar ghráinneoga in áiteanna áirithe.  Léigh an scéal ina iomlán anseo.



Dá mbeadh imní ort uaireanta go gcuirfeadh peataí isteach ar ghráinneoga, nó go maródh siad iad tá eolas anseo ó Shráid na nGráinneog a chuirfidh ar do shuaimhneas thú.

Má chonaic tú gráinneoga ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat chun roinnt linn, is déan teagmháil le do thoil le ruth.vanry@keepnorthernireland beautiful.org is amharc ar Fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

## Nuacht Scoileanna: Scoileanna Thuaisceart Éireann roghnaithe do Dhúshlán Leabhar Gearrthóg Domhanda.

An mhí seo caite, chuir muid iarratas amach ó Éicea-Scoileanna san Fhionlainn chun a fháil amach ar mhian le scoil ar bith i dTuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i bhfeachtas Leabhar Gearrthóg Domhanda s'acu.

San Fheachtas, seolfaidh daltaí Éicea-Scoileanna a mbeannachtaí chuig tíortha eile tríd an phost traidisiúnta. Is í an aidhm atá leis Éicea-Scoileanna ó thíortha éagsúla a nascadh lena chéile agus deis a bheith acu a gcuid scéalta agus tionscadail Éicea-Scoileanna a chomhroinnt. Rachaidh leabhair na ngearrthóg ar fud an domhain ó scoil go scoil, ar bhealach réamhphleanáilte.




Léiríodh suim iontach san fheachtas agus breis ar 300 scoil ar fud an domhain ag iarraidh a bheith páirteach.  Níorbh fhéidir ach 80 scoil a roghnú chun a páirt a ghlacadh agus mar sin de tá lúcháir orainn a rá gur roghnaíodh 4 Scoil as Tuaisceart Éireann. Comhghairdeas le:

- Cloughoge Primary School, an tIúr
- Lismore Comprehensive, Creag Abhann
- St. Paul's College, Cill Ria
- Ulidia Integrated College, Carraig Fhearghais

Táimid ar bís a fheiceáil cad é mar a éireoidh leis an tionscadal agus tuairisceofar na torthaí sa nuachtlitir.

## Nuacht Chomhpháirtithe: :

Tá Éicea-Scoileanna ag súil go mór le bheith ag obair le Belfast City Council ar thionscadal agus comórtas théama na dramhaíola dar teideal 'Wheelie Big Challenge'. Iarrtar ar na daltaí amharc go grinn ar dhramhaíl ina gcuid boscaí bruscair agus gníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun dramhaíl a laghdú agus athchúrsáil a mhéadú.




I mbliana, beidh aird againn ar  dhramhbhia, ceist an-tábhachtach a chruthaíonn lorg coise carbóin an-mhór .  Beidh an tionscadal sa tsiúl ó mhí Feabhra –Bealtaine agus is é 6 Bealtaine an spriocdháta le haghaidh iontrálacha sa chomórtas. Beidh comórtas ceannais agus imeacht ceiliúrtha againn ag i Halla Mór Halla na Cathrach, Béal Feirste an 10 Meitheamh 2016.

Tá an tionscadal seo oscailte do gach scoil in Belfast City Council. Le tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le páirt a ghlacadh, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Nuacht Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna:

### Dia duit, an Danmhairg anseo!

Rinne stiúrthóir Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta, Bríd Conneely, cianfhíschomhrá  ar Éicea-Scoileanna na Malaise le linn a gcomhdhála an mhí seo caite agus roinn sí a cuid mianaidhmeanna do ghníomhaithe óga na inbhuanaitheachta. Bhain na rannpháirtithe an-sult as an chian-fhíschomhrá agus spreagadh chun gnímh iad.  Táimid buíoch dóibh as an fhíseán a roinnt ionas go spreagfar muidne chomh maith! Cliceáil anseo chun é a fheiceáil.



*Bríd Conneely, Stiúrthóir Éicea-Scoileanna*

### Ag sábháil airgid agus ag baint tairbhí as tionscadail Éicea-Scoileanna: Ardscoil Goibei, an Chéinia.

Chláraigh Ardscoil Goibei le Gréasán Éicea-Scoileanna  na Céinia i 2004. Ó shin i leith, tá a lán tionscadal ar siúl ag an scoil , ina measc bailiú fearthainne ón díon, táirgeadh barr agus beostoic agus sábháil  fuinnimh. Tá an bheachaireacht chun mil a tháirgeadh ar cheann de na tionscadail is rathúla agus is dóigh mhaith í chun dul in oiriúint don athrú aeráide agus soláthar an bhia a chinntiú. Ba ghníomhaíocht  thábhachtach ghinte ioncaim an fiontar ag Ardscoil Goibei ó 2007.  Ní amháin gur éirigh leis an tionscadal an céatadán bochtán a laghdú trí fhiontraíocht áitiúil a spreagadh ach d'éirigh leis foinse eile ioncaim a chruthú lena chois sin.



*Daltaí ó Ardscoil Goibei ag baint suilt as fómhair barr s'acu*

Tá thart ar 700 dalta, 40 múinteoir agus tuairim ar 10 mball foirne neamhtheagaisc sa scoil.   Agus an líon ard seo sa chlár Éicea-Scoileanna, tá sé ag dul chun tairbhe ní amháin don scoil ach don pobal áitiúil fosta.

Feidhmíonn an scoil anois mar ionad léirithe/oiliúna ina dtaispeántar dea-chleachtais i dtalmhaíocht trádála agus in inbhuanaitheacht imshaoil. Spreagann sí feasacht inbhuanaitheachta trí irisleabhar bliantúil (Stretcher Magazine) a fhoilsiú ar a chuid gníomhaíochtaí.

# Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Tá Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann á reáchtáil ag an charthanas Keep Northern Ireland Beautiful. Seo na scéalta is deireanaí nuachta ó rannóga eile dár n-eagraíocht:

## Ghlantóireacht MHÓR an Earraigh Aibreán 2016

**Spreagtha chun gnímh lenár nglantóireacht náisiúnta bhliantúil!**

Cúis lúcháire d'Éicea-Scoileanna Glantóireacht MHÓR an Earraigh a bheith á reáchtáil ag an Fheachtas Live Here Love Here.

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Live Here Love Here a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal**



*Holy Family Primary School, Béal Feirste, ag glacadh páirt i nGlantóireacht MHÓR an Earraigh 2015.*

Anuraidh léirigh os cionn 90,000 duine gur breá leo an áit a mbíonn siad ina gcónaí, ag obair agus ag foghlaim trí bheith páirteach i nGlantóireacht MHÓR an Earraigh, ag tógáil bruscair ó na tránna, na sráideanna, faoin tuath agus tailte na scoile – á bhfágáil níos glaine agus níos slachtmhaire dúinn le sult a bhaint astu!

Cláraigh imeacht glantóireachta agus gheobhaidh tú pacáiste glantóireachta ina bhfaighidh tú: lámhainní, málaí, veisteanna ard-infheictheachta, póstaeir agus noda agus leideanna.

Tacaíonn ár gComhairlí Áitiúla leis an tionscnamh seo le piocairí bruscair agus trí mhálaí bruscair a bhailiú. Cláraigh do chuid torthaí agus seolfaimid teastas buíochais chugat as do rannpháirtíocht. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le clárú, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Helping Hand - dearbhán MÓR 'go raibh maith agat' le lacáiste 15%!

Is iad Helping Hand Environmental príomhdhéantóirí agus dáileoirí na bpiocairí bruscair sa Ríocht Aontaithe agus tá siad ag táirgeadh an phiocaire bruscair a bhfuil eolas againn air agus dúil againn ann ó 1965. Tá Keep Northern Ireland Beautiful ag úsáid táirgí Helping Hand Environmental thar 10 mbliana agus anois tá piocaire bruscair sainiúil dár gcuid féin againn.

**Lacáiste 15%** ar threalamh glantóireachta go dtí **31 Aibreán 2016** luaigh: **CLEAN16** agus ordú á dhéanamh agat.

Seiceáil suíomh idirlín Helping Hand le haghaidh táirgí iontacha. Chun ordú a dhéanamh le Helping Hand agus lacáiste a fháil, tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Live Here Love Here nó cuir scairt ar Helping Hand ag **01531 635678.**

# Comórtais:

## Cash for Clobber le Cookstown Textile Recyclers



Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le Cookstown Textile Recyclers (CTR) chun airgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeallachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar na héadaí a bhailíonn siad, **50 pingin/kilo**. Ansin, sórtáiltear iad uilig go háitiúil agus dáiltear iad ar thíortha a bhfuil cuidiú de dhíth orthu nó athchúrsáiltear ina snáithíní iad le húsáid sa tionsclaíocht. Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí é atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir timpeallachta acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann agus is le bród a thug siad urraíocht don topaic dramhaíola s'againn le sé bliana anuas. Thiocfadh leat suas le £3000 a bhaint do do scoil ach gach cineál éadaí agus bróg (péirí amháin), teicstílí tí agus málaí (gan duivéanna ná ceannadhairteanna san áireamh) a athchúrsáil.

**Tosaigh a bhailiú anois! – ní thiocfadh leis a bheith níos fusa**: An scoil is mó a bhailíonn seanéadaí in aghaidh an dalta, bainfidh sí duais iontach airgid. Tá trí bhanda ann le duaiseanna a bhaint, ag brath ar mhéid do scoile.

| Banda 1 = Suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Os cionn 250 dalta |
|---|---|---|
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Beidh an Comórtas ar siúl ó **1 Meán Fómhair 2015 - 31 Bealtaine 2016.** Le haghaidh breis eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna.
Chun bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a shocrú do do scoil, gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó scairt ar 028 9447 8880.

## Dúshlán Taistil Translink

Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Tá an Dúshlán á reáchtáil i dtéarmaí an Fhómhair agus an Earraigh ar feadh coicís ar bith a roghnaíonn tú féin.


Déan do thorthaí a thaifeadadh leis na hacmhainní atá curtha ar fáil agus seol chugainn iad agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach Iompair ar siúl i do scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar chatagóir Tionscadal #Corraitheoirí Cliste agus tá seans agat duais a bhaint.

Ní comórtas amháin atá ann ach tionscadal ar dóigh a bhfuil neart acmhainní foghlama ag dul leis. Tabhair cuairt ar www.translink.co.uk/ecoschools chun tuilleadh eolais a fháil nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

| Duaiseanna Dúshlán Taistil-Translink |
|---|
| **An Líon is mó Éicea-Thuras** Iar-Bhunscoil £150 *agus* turas bus nó traenach do 1 rang |
| **An Rang is mó feabhas** Bunscoil £150 *agus* turas bus nó traenach do 1 rang |
| **Tionscadal #Corraitheoirí Cliste is fearr** **Bunscoil agus Iar-bhunscoil** £150 *agus* turas bus nó traenach do 1 rang |
| **An Dalta is Fearr** Gach Scoil Dearbhán leabhair £50 *agus* ticéad taistil teaghlaigh don dalta buacach |

## Comórtas Póstaeir NI Water



Tá cuireadh ort a bheith páirteach i gComórtas Bliantúil Scoileanna Uisce Thuaisceart Éireann (NI Water)

Cuireann NI Water uisce glan sábháilte óil ar fáil dúinn inár dtithe féin ach ar an drochuair ní hamhlaidh an cás do roinnt daoine ar fud an domhain. Tá 650 milliún duine beo gan uisce sábháilte, agus caithfidh siad siúl chun uisce salach a bhailiú ó linn nó loch agus ansin é a iompar ar ais abhaile chuig a muintir. Tá sé mar aidhm ag an chomórtas béim a leagan ar an tábhacht atá le huisce glan sábháilte don bheatha.

Tá an comórtas ag díriú ar phóstaeir a chumadh chun comparáid a dhéanamh idir uisce sábháilte a bheith againn anseo i dTuaisceart Éireann agus iad siúd atá beo bocht agus gan uisce sábháilte i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Tá an comórtas oscailte do dhaltaí EC2 ó gach bunscoil i dTuaisceart Éireann, agus tá rannóg ar leith ann do Scoileanna Speisialta. Tá duaiseanna iontacha le baint. Spriocdháta **25 Márta 2016**. Déan teagmháil le foireann Oideachais NI Water chun tuilleadh eolais a fháil ag education@niwater.com.

## Gradaim na Scoileanna is Slachtmhaire le Northern Ireland Amenity Council



*Ballycraigy Primary School, Aontroim, buaiteoirí ghradam 'Scoth na Scoileanna is Fearr' anuraidh.*

An bhfuil tailte agus foirgnimh scoile agaibh atá slachtmhar néata agus sibh dírithe ar an timpeallacht agus daltaí atá spreagtha agus rannpháirteach? Chuir beagnach 200 isteach anuraidh ar Ghradaim na Scoileanna is Slachtmhaire' a reáchtálann Northern Ireland Amenity Council. Spreagann an comórtas idir fhoireann agus dhaltaí chun comhoibriú agus timpeallacht comhshaoil na scoile a fheabhsú.

Tá an comórtas bliantúil seo oscailte le haghaidh iontrálacha ó scoileanna go dtí **11 Márta 2016** – tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Northern Ireland Amenity Council chun an fhoirm iontrála a fháil. Beidh searmanas gradam na scoileanna ar siúl ar **7 Meitheamh 2016** ag Ionad Taiscéalaithe Loch nEachach, Creag Abhann.

# Nuacht eile:

## Habitat for Humanity – ceardlanna Ár nDramhaíl, Ár nDomhan

Tá comhpháirtí seachadta Éicea-Scoileanna Habitat for Humanity Thuaisceart Éireann ag cur leis an chlár rathúil Ár nDramhaíl, Ár nDomhan i 2016 agus áitíonn ar bhunscoileanna Thuaisceart Éireann clárú leo.

Cuidíonn Ár nDramhaíol, Ár nDomhan le scoileanna a gcuid topaicí Éicea-Scoileanna ar dhramhaíl, bruscar agus an pheirspictíocht dhomhanda a bhaint amach tríd an cheardlann chruthaitheach idirghníomhach seo. Dírithe go príomha ar dhaltaí Eochairchéim 2, tá naisc dhíreacha aige leis an churaclam agus is éascaitheoirí de chuid Habitat, a bhfuil taithí acu, a chuireann ar fáil iad. Léigh tuilleadh faoi anseo.

Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun rang a chlárú déan teagmháil le do thoil le Victoria Trimble ar 028 92 635 635 nó cuir ríomhphost chuig victoriat@habitatni.co.uk.

## Clár Domhanda Foghlama - Deiseanna Traenála do Mhúinteoirí

Is tionscadal oideachais nua foirmiúil é an Clár Domhanda Foghlama (CDF) agus é mar aidhm aige an fhoghlaim dhomhanda atá ar siúl i scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann a shaibhriú. Is féidir le bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta uilig a bheith páirteach. Seiceáil ar an suíomh idirlín chun tuilleadh eolais a fháil. I láthair na huaire, tá siad ag cur cuireadh ar scoileanna a bheith páirteach sa chlár spreagúil traenála s'acu chun cuidiú le múinteoirí foghlaim dhomhanda a sheachadadh. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil anseo nó déan teagmháil le glp@centreforglobaleducation.com.

## Féile Eolaíochta TÉ - Mission Starlight

Beidh Féile Eolaíochta TÉ ar siúl ó 18 go 28 Feabhra. Amharc ar an suíomh idirlín agus twitter chun tuilleadh eolais a fháil. Táimid ag iarraidh ar dhaoine páirt a ghlacadh I dturgnamh eolaíochta, cibé áit ina mbíonn tú, agus do chuid torthaí a uaslódáil ar shuíomh idirlín Global Experiment, áit ar féidir leat comparáid a dhéanamh idir do chuid torthaí agus cuid dhaoine eile ar fud an domhain. Ar 23 Feabhra, beidh siad ag seoladh Global Experiment 2016 - 'Mission Starlight' ina bhfuil sraith turgnamh, arna ullmhú i gcomhar le Principia Mission, Gníomhaireacht Spáis an RA agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Tá na turgnaimh seo bunaithe ar an bhonn go bhfágtar spásairí faoi leibhéil níos airde solas UV ná a fhaighimidne anseo ar domhan agus mar sin de gur chóir réamhchúraimí a bheith in áit nach ndéanfadh solas UV dochar dóibh. Tá an t-eolas uilig ar thurgnaimh, físeán ina bhfuil Tim Peake ina measc, ar fáil ar shuíomh idirlín Global Experiment ó 4 Feabhra 2016. Chun páirt a ghlacadh, cláraigh anseo.

## Brait Ghlasa na Míosa Seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig a ghnóthaigh gradam an Bhrait Ghlais an mhí seo caite. Bíonn iontas orainn i gcónaí faoin eolas agus faoin díograis atá ag daltaí agus foirne uilig ár gcuid scoileanna an Bhrait Ghlais agus tá creidiúint mhór ag gabháil dóibh faoina ngaisce iontach.

An mhí seo déanaimid comhghairdeas le:

- Portstewart Primary School, Port na Binne Uaine




**Déan teagmháil linn ag:**

Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Paulett Avenue
Béal Feirste, BT5 4HD
Teil: 028 9073 6920


**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cásanna staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**